2026/2494

5.11.2026

CINNEADH (AE) 2026/2494 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 21 Deireadh Fómhair 2026

maidir le slógadh Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh chun cúnamh a sholáthar do Mhálta agus don Iodáil maidir le stoirm Harry i mí Eanáir 2026 agus don Phortaingéil agus don Spáinn tar éis na stoirmeacha i mí Eanáir agus i mí Feabhra 2026

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002 ón gComhairle an 11 Samhain 2002 lena mbunaítear Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 ([2]), agus go háirithe Airteagal 9 de,

Ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais mar aon le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach ([3]), agus go sonrach pointe 10 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is é is aidhm do Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh ('an Ciste') é a chur ar chumas don Aontas freagairt ar bhealach tapa éifeachtúil solúbtha do staideanna éigeandála chun dlúthpháirtíocht a léiriú le pobail réigiún a bhuailtear le mórthubaistí nadúrtha nó le tubaistí nádúrtha réigiúnacha nó ag móréigeandáil sláinte poiblí.

(2) Ní fhéadfaidh níos mó ná na huasteorainneacha a leagtar síos in Airteagal 9 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093, arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) 2024/765, a bheith sa Chiste ([4]).

(3) An 10 Aibreán 2026, chuir Málta iarratas isteach chun an Ciste a shlógadh tar éis stoirm Harry i mí Eanáir 2026.

(4) An 10 Aibreán 2026, chuir an Iodáil iarratas isteach chun an Ciste a shlógadh tar éis stoirm Harry i mí Eanáir 2026.

(5) An 13 Aibreán 2026, chuir an Phortaingéil iarratas isteach chun an Ciste a shlógadh tar éis na stoirmeacha i mí Eanáir agus i mí Feabhra 2026.

(6) An 17 Aibreán 2026, chuir an Spáinn iarratas isteach chun an Ciste a shlógadh tar éis na stoirmeacha i mí Eanáir agus i mí Feabhra 2026.

(7) Leis na hiarratais sin, comhlíontar na coinníollacha i dtaca le ranníocaíocht airgeadais a sholáthar ón gCiste, mar a leagtar síos in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002.

([1]) IO L 311, 14.11.2002, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2002/2012/oj.
([2]) IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2093/oj.
([3]) IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2020/1222/oj.
([4]) Rialachán (AE, Euratom) 2024/765 ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L, 2024/765, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/765/oj).

(8) Dá bhrí sin, ba cheart an Ciste a shlógadh chun ranníocaíocht airgeadais a sholáthar do Mhálta, don Iodáil, don Phortaingéil agus don Spáinn.

(9) Chun a áirithiú gur féidir cúnamh airgeadais an Aontais a chur ar fáil chomh tapa agus is féidir do na Ballstáit a ndéantar difear dóibh agus chun aon mhoill ar shlógadh an Chiste a sheachaint, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus ba cheart feidhm a bheith aige ó dháta a ghlactha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

I gcás bhuiséad ginearálta an Aontais don bhlian airgeadais 2026 is ina leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus íocaíochtaí i ndáil le tubáistí nádúrtha a shlógfar na méideanna seo a leanas faoi Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh:

(a) soláthrófar EUR 3 724 057 do Mhálta tar éis stoirm Harry i mí Eanáir 2026;

(b) soláthrófar EUR 74 884 983 don Iodáil tar éis stoirm Harry i mí Eanáir 2026;

(c) soláthrófar EUR 261 483 810 don Phortaingéil tar éis na stoirmeacha i mí Eanáir agus i mí Feabhra 2026;

(d) soláthrófar EUR 149 055 370 don Spáinn tar éis na stoirmeacha i mí Eanáir agus i mí Feabhra 2026.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 21 Deireadh Fómhair 2026.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 21 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*
R. METSOLA	T. DOOLEY